

## Altraí sa Nuacht

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi altraí ag dul ar stailc. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. stailc	a. <i>call off, cancel</i>
2. aonaid éigeandála	b. <i>progress</i>
3. cuir ar ceal	c. <i>declared, confirmed</i>
4. deimhnithe	d. <i>strike</i>
5. comhfhreagraí polaitíochta	e. <i>political correspondent</i>
6. dochreidte	f. <i>pay increments</i>
7. dul chun cinn	g. <i>emergency units</i>
8. tháinig sé chun solais	h. <i>incredible</i>
9. incrimintí pá	i. <i>it came to light</i>
10. dearbhaithe	j. <i>confirmed</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Cuirfear na stailceanna atá beartaithe don lá amárach ar ceal go cinnte.
2. Má théann na stailceanna ar aghaidh, tá na haonaid éigeandála réidh chun dul i ngleic le cibé deacracht a thiocthadh chun cinn.
3. Dúirt Leo Varadkar go raibh toradh an-dearfach ar na cainteanna tamall gairid ó shin.
4. Tá fadhb fós ann ó thaobh easpa traenála d'altraí.
5. Creidtear go gceapfar duine neamhspleách chun idirbheartaíocht a dhéanamh idir na dreamanna éagsúla.
6. Bhí na stailceanna in ainm is a bheith ag cur isteach ar sheacht n-ospidéal ar fud na tíre.

### Ceist 4

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an sliocht ón script – tá an séimhiú fágtha ar lár ocht n-uair ann. An féidir libh gach

séimhiú a chur san áit chuí? Éistigí leis an tuairisc arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Bhuel, a Eimear, tá sé dochreidte i ndáiríre an caoi a n-athraíonn na scéalta seo mar tamall gairid ó sin bíomar ag rá go raibh an tAire Leo Varadkar ag rá nach raibh aon dul chun cinn á déanamh leis na cainteanna sin. Ach díreach leathuair a chloig ó shin, táinig sé chun solais go bhfuil dul chun cinn déanta. Bhí cruinnithe ar siúl ar feadh an lae idir ionadaithe ó Cumann na nAltraí agus ón gCumann Caidrimh san Ionad Oibre. Do lean na cruinnithe sin ar aghaidh an lá ar fad inniu, agus tá siad ag ceapadh anois go gcuirfear na stailceanna amárach ar ceal. Tuigtear go bhfuil cúpla rud fós le socrú acu, go bhfuil deacrachtaí ann ó taobh incrimintí pá agus ó taobh pá d'altraí atá fós ag traenáil.

**Ceist 5** An Aimsir Láithreach

Cuir na briathra seo san aimsir láithreach (gach pearsa). Ansin, cum ceisteanna leis na briathra céanna agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat.

Faigh  
Déan  
Abair  
Ól  
Coinnigh

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a dtéann daoine ar stailc, de ghnáth?
2. Cuirtear i leith na nÉireannach go minic gur daoine falsa iad agus gur chóir dóibh dul ar stailceanna níos minice. Cad a cheapann tú féin faoi sin?
3. An bhfuil córas maith sláinte againn in Éirinn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1**

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	g	a	j	e	h	b	i	f	c

**Ceist 2**

Féach an script.

**Ceist 3**

1. Bréagach. 'Tuigtear go mb'fhéidir go gcuirfear an stailc a bhí beartaithe ag altraí in aonaid éigeandála ar fud na tíre amárach ar ceal, ach níl an scéal deimhnithe go fóill.'
2. Fíor.
3. Bréagach. '...tamall gairid ó shin bhíomar ag rá go raibh an tAire Leo Varadkar ag rá nach raibh aon dul chun cinn á dhéanamh leis na cainteanna sin.'
4. Bréagach. 'Tuigtear go bhfuil cúpla rud fós le socrú acu, go bhfuil deacrachtaí ann ó thaobh incrimintí pá agus ó thaobh pá d'altraí atá fós ag traenáil.'
5. Fíor.
6. Fíor.

**Ceist 4**

Bhuel, a Eimear, tá sé dochreidte i ndáiríre an chaoi a n-athraíonn na scéalta seo mar tamall gairid ó shin bhíomar ag rá go raibh an tAire Leo Varadkar ag rá nach raibh aon dul chun cinn á dhéanamh leis na cainteanna sin. Ach díreach leathuair a chloig ó shin, tháinig sé chun solais go bhfuil dul chun cinn déanta. Bhí cruinnithe ar siúl ar feadh an lae idir ionadaithe ó Chumann na nAltraí agus ón gCumann Caidrimh san Ionad Oibre. Do lean na cruinnithe sin ar aghaidh an lá ar fad inniu, agus tá siad ag ceapadh anois go gcuirfear na stailceanna amárach ar ceal. Tuigtear go bhfuil cúpla rud fós le socrú acu, go bhfuil deacrachtaí ann ó thaobh incrimintí pá agus ó thaobh pá d'altraí atá fós ag traenáil.

**Ceist 5**

<p><b>Faigh</b> faighim faigheann tú faigheann sé faigheann sí faighimid faigheann sibh faigheann siad <u>Sb.</u> faightear An bhfaigheann...? Faigheann./Ní fhaigheann.</p>	<p><b>Déan</b> déanaim déanann tú déanann sé déanann sí déanaimid déanann sibh déanann siad <u>Sb.</u> déantar An ndéanann...? Déanann./Ní dhéanann.</p>
<p><b>Abair</b> deirim deir tú deir sé deir sí deirimid deir sibh deir siad <u>Sb.</u> deirtear An ndeir...? Deir./Ní deir.</p>	<p><b>Ól</b> ólaim ólann tú ólann sé ólann sí ólaimid ólann sibh ólann siad <u>Sb.</u> óltar An ólann...? Ólann./Ní ólann.</p>
<p><b>Coinnigh</b> coinním</p>	

coinníonn tú  
coinníonn sé  
coinníonn sí  
coinnímid  
coinníonn sibh  
coinníonn siad

Sb.

coinnítear

An gcoinníonn...? Coinníonn./Ní choinníonn.

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Tuigtear go mb'fhéidir go gcuirfear an stailc a bhí beartaithe ag altraí in aonaid éigeandála ar fud na tíre amárach ar ceal, ach níl an scéal deimhnithe go fóill. Tá ionadaithe ó Chumann na nAltraí agus na mBan Cabhrach, agus ionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mbun cruinnithe tráthnóna leis an Rannóg Caidrimh san Ionad Oibre<sup>1</sup>. Dúirt an tAire Sláinte, Leo Varadkar, go bhfuil ullmhúchán déanta sa gcás<sup>2</sup> is go rachadh an stailc chun cinn. Agus muid ag teacht ar an aer, labhair mé lenár gcomhfhreagraí polaitíochta, Sorcha Ní Riada, atá i mBaile Átha Cliath, agus d'fhiafraigh mé di faoin gcor nua atá sa scéal agus an bhfuil an stailc amárach curtha ar ceal nó nach bhfuil.

### Sorcha Ní Riada

Bhuel, a Eimear, tá sé dochreidte i ndáiríre an chaoi a<sup>3</sup> n-athraíonn na scéalta seo, mar tamall gairid ó shin bhíomar ag rá go raibh an tAire Leo Varadkar ag rá nach raibh aon dul chun cinn á dhéanamh leis na cainteanna sin. Ach díreach leathuair a chloig ó shin, tháinig sé chun solais go bhfuil dul chun cinn déanta. Bhí cruinnithe ar siúl ar feadh an lae idir ionadaithe ó Chumann na nAltraí agus ón gCumann<sup>4</sup> Caidrimh san Ionad Oibre<sup>5</sup>. Do lean na cruinnithe sin ar aghaidh an lá ar fad inniu, agus tá siad ag ceapadh anois go gcuirfear na stailceanna amárach ar ceal. Tuigtear go bhfuil cúpla rud fós le socrú acu, go bhfuil deacrachtaí ann ó thaobh incrimintí pá agus ó thaobh pá d'altraí atá fós ag traenáil. Mar sin, níl sé dearbhaithe fós nach mbeidh na stailceanna ar siúl. Tá siad ag caint ar dhuine neamhspleách a cheapadh le dul i ngleic leis na deacrachtaí sin agus is dócha go mbeidh a fhios againn níos déanaí, cé acu atá<sup>6</sup> socrú dearfach déanta acu nó nach bhfuil. Ach, fiú amháin mura dtéann siad ar aghaidh leis na stailceanna, is dócha go gcuirfear isteach ar na haonaid sin amárach mar go bhfuil roinnt de na hobráidí a bhí<sup>7</sup> beartaithe sna haonaid curtha ar ceal, nó sna hospidéal sin curtha ar ceal, toisc go raibh a fhios acu go gcuirfí isteach ar sheacht n-ospidéal ar fad timpeall na tíre amárach. Bhíodar in ainm agus tosú in Ospidéal Beaumont agus in Ospidéal na Trócaire i gCorcaigh an chéad rud ar maidin agus ansin sa Chabhán, sa Tulach Mhór, ar ais i mBaile Átha Cliath arís agus sa bhaile sa tráthnóna. Ach is dócha anois nach leanfar ar aghaidh leis na stailceanna, ach níl muid cinnte faoi sin.

---

<sup>1</sup> *An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre* an teideal oifigiúil

<sup>2</sup> Córas Chonnacht

<sup>3</sup> *go n-athraíonn* a deirtear

<sup>4</sup> *ó Chumann* a deirtear

<sup>5</sup> *An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre* an teideal oifigiúil

<sup>6</sup> *a bhfuil* a deirtear

<sup>7</sup> *go raibh* a deirtear